Focal id' Chluais.

A word in your ear. Deireadh Fómhair 09.

An Aláram Pearsanta.

Sé atá i gceist leis an aláram pearsanta ná aonad freagartha éigeandála inar féidir le daoine atá ag dul in aois cabhair a fháil nuair atá sé ag teastáil. Sé atá ann ná aonad cosúil le bonn an teileafóin agus siogairlín gur féidir a caitheamh timpeall an mhuiníl nó ar chaol na láimhe. Beidh freagairt ón aonad nuair a bhrúitear an cnaipe dearg ar an siogairlín nó ar an aonad. Tá nasc idir an t-aonad agus an t-ionad glaonna i Loch Garman. Labhróidh duine leat ag glaoch d'ainm trí an aonad i do thigh. Muna bhfaigheann sé freagra uait cuirfidh sé glaoch ar cheann des na trí uimhir theileafóin a thug tú dóibh nuair a cuireadh isteach an t-aonad. Is iad na huimhreacha a roghnaigh tú féin, uimhir chlainne, chairde nó chomharsana a úsáidtear. Cuirfidh sé glaoch ar cheann des na huimhreacha roghnaithe agus muna bhfaigheann sé freagra uaidh triallfaidh sé an dara uimhir agus ansin an tríú uimhir chun freagra a fháil. Nuair a fhaigheann sé freagra iarrfaidh sé ar an duine sin dul i dteagmháil leat chun fháil amach an bhfuil cabhair ag teastáil uait. Tá an siogairlín an-áiseach timpeall an mhuiníl mar tá sé cóngarach duit nuair atá sé ag teastáil.
Thugas cuairt ar bhean sa cheantar le déanaí chun a tuairimí a fháil faoina haláram pearsanta.
Seo a leanas an méid a dúirt sí:

"Táim i bhfad níos compordaí nuair atáim ag caitheamh an tsiogairlín. Thóg sé tamall orm dul i dtaithí ar i dtosach agus dheineas dearmad ar é a chaitheamh. Tá sé éasca é a úsáid. Uair amháin nuair a bhíos ag dul suas staighre le éadaí bhrúigh mé an cnaipe trí thimpiste."
Ní gá a bheith buartha faoi seo mar is féidir a rá leis an duine ón ionad glaonna gur trí thimpiste a bhrúigh tú an cnaipe. Tá an duine ag an ionad glaonna an-chabhrach agus is breá leis bheith i dteagmháil le daoine.

D'iarr mé uirthi ansin conas a n-éiríonn léi agus an t-aláram a sheiceáil. Sé a dúirt sí ná:
"Deinim an aláram a sheiceáil uair sa mhí leis an gcnaipe dearg a bhrú. Freagraíonn duine mé ón ionad glaonna atá an-chairdiúil agus an-chabhrach. Tá sé cosúil le bheith ag caint le duine sa seomra." Tá sé an-tábhachtach do aláram a sheiceáil uair sa mhí mar muna mbíonn sé ag obair i gceart ní féidir leat cabhair a fháil nuair atá sé ag teastáil. Is féidir le stoirm thoirní é a cuir as fheidhm. Tá sé tábhachtach an siogairlín a caitheamh i gcónaí mar is trí theocht do choirp a oibríonn an bataire.

D'iarr mé uirthi ansin an mholfadh sí an t-aláram agus láithreach dúirt sí go mholfadh sí é go mór. "Tá sé éasca é a úsáid agus tá na daoine san ionad glaonna chomh deas." Braitheann sí sábháilte leis an aláram agus ní bhíonn sí uaigneach riamh mar tá sé cosúil le duine a bheith leat.

Cosnaíonn sé €80 in aghaidh na bliana agus deireann sí gur luach maith ar airgead é.
"Is é an t-aireagán is fearr a deineadh riamh "a dúirt sí. Taispeánann sé seo go han-mhaith cé chomh maith is a oibríonn sé. Labhair sí go bríomhar faoi. Bhí sé soiléir gur dhein sé difríocht mhór ina saol. Tá sé deachair teacht ar dhaoine go tapaigh nuair atá tú i do chónaí faoin tuath agus cabhair ag teastáil uait láithreach. Sé an rud is fearr faoin aláram pearsanta ná gur féidir cabhair a fháil trí chnaipe a bhrú agus tá tú i dteagmháil le duine láithreach. D'fhéadfá a bheith amhrasach agus trína chéile ag úsáid an aláram pearsanta i dtosach ach le cleachtadh rachaidh tú i dtaithí air agus beidh ionadh ort nach bhfuair tú cheann níos luaithe.

Ba mhaith liom míle buíochas a ghabháil leis an mbean seo a thug an t-eolas go léir dom faoi an difríocht a dhein an aláram pearsanta dá saol. Léiríonn sé an éifeacht dearfach atá ag dul leis.
Tuilleadh eolas le fáil ó 026 45661.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. muscrai@eircom.net

Séanadh: Tógaimid an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimid chomh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Scoraíocht an Déardaoin.

In ionad an Scoraíocht ar Déardaoin an 15ú lá beidh oíche na gcon i gCorcaigh. Cathaigh na ainmneacha a bheith istigh roimh Déardaoin an 8ú lá. Chuir glaoch ar 026 45661 chun do áit a chuir in áirithe.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Cosliacht: 13ú D Fómhair le coinne.
Cuir glaoch ar Mary/Eileen ag 026 40999.
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Ealaín le Pauline Dodds Hyland gach Mhairt,
Le breis eolas a fháil glaoigh ar 026 40999.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Siobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
22ú D Fómhair le coinne, 087 6579894.
Cosliacht: 27ú D Fómhair le coinne. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Ealaín le Pauline Dodds Hyland gach Luan.
Beidh Cartaí ag tosnú arís roimh deireadh na míosa. Tuilleadh eolas le fáil ó 026 47777.

Cleas Inchinne.

Chuir beirt bhan isteach ar phost. Tá siad comhionann. Tá an t-athair agus an mháthair céanna acu. Tá an breithlá céanna acu. Chuir an t-agallóir ceist orthu, "An cúpla sibh?" agus an freagra macánta a thugadar ná, "Ní shea". Conas gur féidir leis seo a bheith fíor?

Dúcheist Tapaidh.



Úsáid na huimhreacha 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7,8 agus 9 uair amháin chun na boscaí a líonadh agus an tsuim de 100 a fháil.

Glóir don Athair i Laidin.

Gloria Patri
et filii
et spiritui sancto.
Sicut erat in principio
et nunc
et semper
et in saecula saeculorum.

Amen

An tAsal i gCraiceann an Leoin.

Lá amháin d'aimsigh asal craiceann leoin a bhí churtha amach faoin ngrian ag na fiagaithe chun é a thriomú. Chuir sé an craiceann air féin agus chuaigh sé i dtreo a shráidbhaile dhúchais. Theith na daoine agus na hainmhithe go léir nuair a chonaic siad é. Bhí sé an-bhródúil as féin. Bhí sé chomh sásta gur ardaigh sé a guth agus thosaigh sé ag grágaíl, ach ansin bhí a fhios ag gach éinne cé bhí ann. Thug a úinéir liúradh de bhata dhó de bharr gur scanraidh sé na daoine agus na hainmhithe eile. Sar i bhfad tháinig madra rua suas leis agus dúirt sé, "D'aithin mé tú ó do ghuth." **Is féidir le héadaí deasa tú a cheilt, ach nochtann focail sheafóideacha amadán.**

Fíricí Éireannacha.

Tá níos mó ná 40% de phobal na hÉireann ina gcónaí laistigh de gha 100km ó Bhaile Átha Cliath.

Is í Éire an t-aon tír ar domhan le huirlis cheoil mar shiombail náisiúnta: an chláirseach.

Tá sinsir Éireannacha ag timpeall 30% den phobal go léir san Astráil.

Bhí "Baileys Irish Cream" lainseáilte go luath sna seachtóidí in Éirinn. Is í an licéar is coitianta ar domhan.

Tógadh Sí an Bhrú i gContae na Mí timpeall 3200 R.Ch. Tá sé 600 bliana níos sine ná pirimidí Giza san Éigipt, agus 1,000 bliain níos sine ná Stonehenge